**IARSCRÍBHINN XI**

Liosta dá dtagraítear in Airteagal 24 den Ionstraim Aontachais: Málta

1. SAORGHLUAISEACHT EARRAÍ

1. An Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, Teideal I, Saorghluaiseacht earraí.

Chun críocha Airteagal 31de Chonradh CE a chur i bhfeidhm, coigeartóidh Málta an margadh in allmhairiú, stocáil agus margaíocht mhórdhíola de tháirgí peitriliam faoi cheann an 31 Nollaig 2005. Sa chomhthéacs sin, áiritheoidh Málta go n-eiseofar ceadúnais trádála in am chun go dtosóidh ceadúnaithe oibríochtaí tráth nach déanaí ná an 1 Eanáir 2006.

2. 32001 L 0083: Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí míochaine d'úsáid an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67).

Údaruithe margaíochta do na táirgí cógaisíochta atá ar an liosta (i bhFoscríbhinn A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo mar atá arna sholáthar ag Málta in aon teanga amháin) arna n-eisiúint faoi dhlí Mhálta roimh dháta an aontachais, fanfaidh siad, de mhaolú ar na ceanglais cháilíochta, sábhailteachta agus éifeachtúlachta atá leagtha síos i dTreoir 2001/83/CE, bailí go dtí go ndéanfar iad a athnuachan i gcomhlíonadh an *acquis* nó go dtí an 31 Nollaig 2006, cibé acu is túisce. D'ainneoin fhorálacha Theideal III, Caibidil 4, den Treoir, ní thairbheoidh údaruithe margaíochta arna bhfolú ag an maolú seo d'aitheantas frithpháirteach sna Ballstáit.

2. SAORGHLUAISEACHT DAOINE

An Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh;

31968 L 0360: Treoir 68/360/CEE ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 1968 maidir le srianta a dhíothú ar ghluaiseacht agus cónaí sa Chomhphobal d'oibrithe ó na Ballstáit agus dá dteaghlaigh (IO L 257, 19.10.1968, lch. 13), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 11994 N: An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí – Aontachas Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne (IO C 241, 29.8.1994, lch. 21);

31968 R 1612: Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 1968 maidir le saorghluaiseacht oibrithe laistigh den Chomhphobal (IO L 257, 19.10.1968, lch. 2), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 31992 R 2434: Rialachán (CEE) Uimh. 2434/92 ón gComhairle an 27.7.1992 (IO L 245, 26.8.1992, lch. 1).

1. Ní bheidh feidhm go hiomlán ag Airteagal 39 de Chonradh CE i dtaca le saorghluaiseacht oibrithe i Málta ach amháin faoi réir na bhforálacha idirthréimhseacha atá leagtha síos i míreanna 2 go 4.

2. Féadfaidh Málta dul ar iontaoibh na nósanna imeachta atá leagtha amach sna fomhíreanna thíos go dtí deireadh na tréimhse seacht mbliana tar éis dháta an aontachais.

Nuair atá suaitheadh ar mhargadh an tsaothair de chuid Mhálta a d'fhéadfadh dochar tromchúiseach a dhéanamh don chaighdeán maireachtála nó don leibhéal fostaíochta i réigiún nó i ngairm áirithe, nó nuair a dhéanann sé suaitheadh den sórt sin a thuar, cuirfidh sé an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi agus déanfaidh sé na sonraí uile is ábhartha a sholáthar dóibh. Ar bhonn na faisnéise sin, féadfaidh Málta sin iarraidh ar an gCoimisiún a dhearbhú go bhfuil cur i bhfeidhm Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh 1612/93 a fhionraí go hiomlán nó go páirteach, d'fhonn an staid sa réigiún nó sa ghairm sin a athbhunú ina gnáthriocht. Tráth nach déanaí ná dhá sheachtain tar éis iarraidh den sórt sin a fháil, glacfaidh an Coimisiún cinneadh ar an bhfionraí agus ar a tréimhse agus a raon feidhme. Féadfaidh aon Bhallstát, laistigh de dhá sheachtain ó dháta an Chinnidh ón gCoimisiún, a iarraidh ar an gComhairle an Cinneadh a neamhniú nó a leasú. Gníomhóidh an Chomhairle ar iarraidh den sórt sin trí thromlach cáilithe laistigh de dhá sheachtain.

I gcásanna práinneacha agus eisceachtúla, féadfaidh Málta cur i bhfeidhm Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 a fhionraí, agus fógra réasúnaithe *ex-post* a thabhairt don Choimisiún ina dhiaidh sin.

3. D'fhonn réamhfhógra a bheith aige le linn na tréimhse seacht mbliana tar éis dháta an aontachais maidir le haon staid a bhféadfaidh gníomhú a bheith riachtanach dá bharr, féadfaidh Málta a chóras ceadanna oibre a choinneáil do náisiúnaigh de chuid na mBallstát eile a bhfuil feidhm ag Airteagail 1 go 6 de Rialachán 1612/68 (CEE) ina leith, ach eiseoidh sé ceadanna oibre den sórt sin go huathoibríoch.

4. Sa mhéid nach féidir forálacha áirithe de Threoir 68/360/CEE a dhealú ó fhorálacha Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 ar féidir a gcur i bhfeidhm a fhionraí de bhun mhír 2, féadfaidh Málta maolú ar na forálacha sin a mhéad is gá chun mír 2 a chur i bhfeidhm.

3. BEARTAS IOMAÍOCHTA

1. An Conradh ag bunu an Chomhphobail Eorpaigh: Teideal VI, Caibidil 1, Rialacha Iomaíochta.

D'ainneoin Airteagail 87 agus 88 de Chonradh CE, féadfaidh Málta cabhair oibriúcháin arna deonú faoi na scéimeanna faoi Rialacháin 4 agus 6 den Acht um Ghnó a chur ar aghaidh a choimeád ar bun go dtí an 31 Nollaig 2008, ar chuntar go gcomhalltar na coinníollacha seo a leanas:

– nach dtéann an méid bliantúil cabhrach arna fabhrú do aon ghnóthas aonair thar MTL 7 200 in aghaidh an fhostaí, nó

– má dhéantar é a ríomh ar bhonn brabúis atá cáilithe do chabhair, nach dtéann an méid bliantúil thar MTL 25 000 in aghaidh an fhostaí nuair is 5% an ráta laghdaithe cánach infheidhme (faoi aon cheann de Rialacháin 4 agus 6) nó thar MTL 28 000 in aghaidh an fhostaí nuair is 10% nó 15% an ráta laghdaithe infheidhme (faoi aon cheann de Rialacháin 4 agus 6).

2. An Conradh ag bunu an Chomhphobail Eorpaigh: Teideal VI, Caibidil 1, Rialacha Iomaíochta.

(a) D'ainneoin Airteagail 87 agus 88 de Chonradh CE, féadfaidh Málta díolúintí ó cháin chorparáideach arna ndeonú suas go dtí an 30 Samhain 2000 ar bhonn an Achta um Fhorbairt Thionsclaíoch agus an Achta um Shaorphort Mhálta a chur i bhfeidhm faoi na coinníollacha seo a leanas:

(i) i gcás gnóthas beag agus meánmhéide, mar atá sainithe i gcomhréir leis an sainmhíniú Comhphobail [1] de na gnóthais sin agus ar cothrom le cleachtas an Choimisiúin, go dtí an 31 Nollaig 2011 agus an dáta sin san áireamh

I gcás cumaisc, éadála nó aon imeachta chomchosúil ina bhfuil páirt ag tairbhí díolúine ó cháin arna deonú faoin reachtaíocht thuasluaite, scoirfear den díolúine ó cháin chorparáideach.

---

1 Moladh 96/280/CE ón gCoimisiún an 3 Aibreán 1996 maidir le sainmhíniú ar ghnóthais bheaga agus meánmhéide (IO L 107, 30.4.1996, lch. 4).

(ii) i gcás gnóthas eile, ar chuntar go n-urramaítear na teorainneacha seo a leanas ar na méideanna cabhrach arna ndeonú faoin reachtaíocht thuasluaite:

(aa) Státchabhair le haghaidh infheistíochtaí réigiúnacha:

– ní rachaidh an chabhair thar mhéid uasta 75% de chostais infheistíochta cháilithe má fuair an gnóthas teidlíocht don díolúine ó cháin roimh an 1 Eanáir 2000. Má fuair an gnóthas teidlíocht don díolúine ó cháin i rith na bliana 2000, ní rachaidh an chabhair iomlán thar mhéid uasta 50% de chostais infheistíochta cáilithe;

– tosóidh an tréimhse chun cabhair le háireamh faoi na huasteorainneacha thuasluaite 75% agus 50% a ríomh ar an 1 Eanáir 2001; eiseofar ón ríomh gach cabhair arna héileamh agus arna fáil ar bhonn brabús roimh an dáta sin;

– ní bheidh sé de cheanglas an chabhair a aisíoc má chuaigh an gnóthas cheana thar na huasteorainneacha ar dháta an aontachais;

– chun an chabhair iomlán a ríomh, cuirfear san áireamh gach cabhair arna deonú don tairbhí i ndaíl le costais cháilithe, lena n-áirítear cabhair arna deonú faoi scéimeanna eile, is cuma an foinsí áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta nó Comhphobail a dheonaigh an chabhair;

– saineofar costais cháilithe ar bhonn na dTreoirlínte maidir le cabhair réigiúnach náisiúnta [1];

– is iad na costais cháilithe is féidir a chur san áireamh na costais arna dtabhú idir an 1 Eanáir 1995 agus an 31 Nollaig 2006 faoi théarmaí cláir infheistíochta arna ghlacadh go foirmiúil ag an tairbhí tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2002 agus arna cur in iúl d'Aireacht Seirbhísí Eacnamaíocha Phoblacht Mhálta faoi cheann an 31 Márta 2003.

(bb) Státchabhair don oiliúint, taighde agus forbairt, agus infheistíocht chomhshaoil:

– ní rachaidh an chabhair thar na huasteorainneacha ábhartha déine cabhrach is infheidhme maidir le cuspóirí cabhrach den sórt sin;

---

[1] IO C 74, 10.3.1998, lch. 9.

– tosóidh an tréimhse chun cabhair le háireamh faoi na huasteorainneacha is infheidhme a ríomh ar an 1 Eanáir 2001; eiseofar ón ríomh gach cabhair arna héileamh agus arna fáil ar bhonn brabús roimh an dáta sin;

– chun an chabhair iomlán a ríomh, cuirfear san áireamh gach cabhair arna deonú don tairbhí i ndáil le costais cháilithe, lena n-áirítear cabhair arna deonú faoi scéimeanna eile, is cuma an foinsí áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta nó Comhphobail a dheonaigh an chabhair;

– saineofar costais cháilithe ar bhonn na rialacha Comhphobail is infheidhme maidir leis an gcuspóir cabhrach i dtrácht;

– ní bheidh sé de cheanglas an chabhair a aisíoc má chuaigh an gnóthas cheana thar na huasteorainneacha ar dháta an aontachais;

– is iad na costais cháilithe is féidir a chur san áireamh na costais arna dtabhú idir an 1 Eanáir 1995 agus an 31 Nollaig 2006 faoi théarmaí cláir infheistíochta arna ghlacadh go foirmiúil ag an tairbhí tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2002 agus arna cur in iúl d'Aireacht Seirbhísí Eacnamaíocha Phoblacht Mhálta faoi cheann an 31 Márta 2003.

(b) Aon chabhair arna deonú faoin dá scéim dá dtagraítear thuas nár cuireadh ag comhlíonadh na gcoinníollacha atá leagtha amach in (a) thuas faoi cheann dháta an aontachais, measfar gur cabhair nua í de bhun an tsásra chabhrach atá ann atá leagtha síos in Iarscríbhinn IV, Caibidil 3 maidir le Beartas Iomaíochta, a ghabhann leis an Ionstraim seo.

(c) Soláthróidh Málta don Choimisiún:

– dhá mhí tar éis dháta an aontachais, faisnéis faoi na coinníollacha atá leagtha amach in (a) a chomhall;

– faoi cheann dheireadh Meán Fómhair 2007, faisnéis faoi na costais infheistíochta cáilithe arna dtabhú iarbhír ag na tairbhithe faoin reachtaíocht thuasluaite agus faoi na méideanna iomlána cabhrach arna bhfáil ag na tairbhithe.

3. An Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh: Teideal VI, Caibidil 1 Rialacha Iomaíochta

(a) D’ainneoin Airteagail 87 agus 88 de Chonradh CE agus faoi réir na gcoinníollacha arna leagan amach thíos, féadfaidh Málta na bearta cabhrach um athstruchtúrú seo a leanas a dheonú go feadh méid iomlán uasta MTL 419 491 000, do Dhuganna Tirime Mhálta agus do Chuideachta Longthógála Mhálta Teoranta nó d’aon cheann dá gcomharbaí dlítheanacha (dá ngairtear na "longchlóis" anseo feasta), i rith na tréimhse um athstruchtúrú 2002 go dtí deireadh 2008, arna miondealú mar a leanas:

– díscríobh fiachais go feadh MTL 300 000 000;

– cabhair infheistíochta go feadh MTL 9 983 000 i gcomhréir leis an bplean infheistíochta caipitil atá áirithe sa phlean um athstruchtúrú;

– deontais ghairmoiliúna go feadh MTL 4 530 000;

– cúiteamh ar chostais shóisialta an athstruchtúraithe go feadh MTL 32 024 000;

– cabhair do chostais airgeadais go feadh MTL 17 312 000;

– cabhair eile atá nasctha le costais airgeadais le haghaidh deontas gairmiúil agus leis an deontas le haghaidh infheistíocht chaipitil go feadh MTL 3 838 000;

– deontas caipitil oibre go feadh MTL 51 804 000. Laghdaítear ar an eilimint oibríochta sin den phlean le himeacht ama, ionas nach ndéanfar thar 25% den mhéid arna íoc iarbhír a íoc sna ceithre bliana deireanacha den phlean um athstruchtúrú.

Ní rachaidh an chabhair do gach mír thar an gcostas atá sí ceaptha a fholú, agus teorannófar í don mhéid íosta is gá chun cuspóirí an phlean um athstruchtúrú a bhaint amach.

(b) Cuirfidh Málta athstruchtúr na longchlós chun feidhme ar bhonn plean um athstruchtúrú arb é is aidhm dó inmharthanacht iomlán a ghnóthú tráth nach déanaí ná deireadh na tréimhse um athstruchtúrú agus a urramaíonn na coinníollacha seo a leanas:

(i) ní dheonófar an chabhair ach an t-aon uair amháin. Ní dheonófar aon chabhair bhreise i ndiaidh an 31 Nollaig 2008 don chuideachta is úinéir na longchlós.

(ii) is 2,4 milliún daonuair in aghaidh na bliana na daonuaireanta a bheidh ar fáil do líon saothair táirgiúil 1410 duine (i ndiaidh an athstruchtúraithe) arna phleanáil laistigh de na longchlóis don longthógáil, do dheisiúchán long agus d'athchóiriú long;

(iii) ní rachaidh líon na ndaonuaireanta arna ndíol le haghaidh deisiúcháin long agus athchóiriú long thar 2 035 000 d'aon cheann den deich mbliana a leanann tús na tréimhse um athstruchtúrú;

(iv) ní rachaidh longthógáil, mar atá sainithe i Rialachán (CE) Uimh. 1540/98 ag bunú rialacha nua don longthógáil [1], thar táirgeacht uasta bhlaintúil 10 000 olltonnáiste cúitithe. Féadfaidh na longchlóis na hoibríochtaí seo a leanas ar féidir a thaispeáint go bhfuil siad asfhoinsithe a bhaint as a n-aschur tuairiscithe: scafalra a chur suas, iompar inmheánach, seirbhísí sealadacha, seirbhísí gardála, suitigh agus mionsamhlacha a thógáil, seirbhísí glanta long, insliú agus lannú, córais ruma agus bhalasta, córais mhúchtóirí tine agus aisréadóirí, bealaí cábla (mura cuid de e-shuiteáil iad), e-shuiteáil (toisc an coibhneas mór costas ábhar a bhíonn ag roinnt leo go ginearálta ní chuirfear san áireamh i gcás na n-oibríochtaí sin ach 40% de na costais arna ndoiciméadú), rigeáil, glasadóireacht, próiseáil mheicniúil, sláinteachas (amach ó chealla sláinteacha) agus téamh;

Féadfar laghdú ar olltonnáiste cúitithe an chonartha longthógála i dtrácht an céatadán a leanann ó na hoibríochtaí asfhoinsithe thuas.

(v) dúnfar duga 1 de Dhuganna Tirime Mhálta i ndáil le longthógáil, athchóiriú long agus deisiúchán long ar feadh deich mbliana ar a laghad ó thús na tréimhse um athstruchtúrú; Má athúsáidtear an duga arna dhúnadh le haghaidh gníomhaíochtaí eile, ní foláir dóibh a bheith neamhspleách ar na cuideachtaí is úinéirí na longchlós i láthair na huaire agus gan baint a bheith acu le longthógáil, athchóiriú long nó deisiúchán long;

[1] IO L 202, 18.7.1998, lch. 1.

(vi) i dtaca leis an laghdú arna cheangal i ndáil le líon saothair sna longchlóis, áiritheoidh Málta go gcoinnítear an líon saothair bunúsach is gá maille leis na leibhéil fíor-riachtanacha scileanna.

(vii) ní foláir do chláir ghairmoiliúna atá bainteach leis an bplean um athstruchtúrú luí leis na rialacha Comhphobail is infheidhme go ginearálta;

(viii) Aisíocfar aon chabhair arna deonú de shárú ar na coinníollacha thuas.

(c) Mara féidir inmharthanacht a bhaint amach do na longchlóis de bharr imthosca eisceachtúla nár tuaradh tráth an phlean um athstruchtúrú a tharraingt suas, féadfaidh an Coimisiún na coinníollacha atá leagtha amach in (b) thuas a athbhreithniú i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 88(1) de Chonradh CE. Sula gcuirfidh sé tús leis an nós imeachta sin, tabharfaidh an Coimisiún aird iomlán ar tuairimí Ballstát maidir le himthosca eisceachtúla a bheith ann. Tabharfar na tuairimí sin le fios ar bhonn moladh ón gCoimisiún agus ar bhonn cibé faisnéis agus imthosca ábhartha atá ar fáil.

Ní rachfar ar chúinse ar bith thar an méid foriomlán cabhrach dá dtagraítear in (a) thuas.

(d) Comhoibreoidh Málta leis na socruithe faireacháin arna mbunú ag an gCoimisiún, lena n-áirítear cigireachtaí ar an láthair ag saineolaithe neamhspleácha, i rith na tréimhse um athstruchtúrú.

Soláthróidh Málta tuarascálacha bliantúla don Choimisiún faoi chur chun feidhme an phlean. Beidh sna tuarascálacha gach faisnéis is ábhartha chun a chumasú don Choimisiún an staid a mheas i dtaca le cur chun feidhme an chláir um athstruchtúrú, lena n-áirítear iompar praghsála na longchlós i gcás conarthaí nua deisiúcháin long agus longthógála arna bhfáil ag na longchlóis. Ní foláir do thuarascáil tháirgeachta gach longchlóis olltonnáiste cúitithe na n-oibreacha cáilithe asfhoinsithe a shonrú de réir na tréimhse ama iarbhír ina ndearna tríú páirtithe iad agus an méid sin a áireamh i ríomh olltonnáiste cúitithe an chonartha longthógála. I gcás long a ndeachaigh a dtógáil thar dhá bhliain, déanfar an figiúr olltonnáiste chúitithe a reo ag deireadh na bliana chun ceartúcháin aisghníomhacha a chosc. Ní foláir don longchlós bheith in ann na conarthaí uile a chur ar fáil a bhaineann le hasfhoinsiú na n-oibreacha atá sa liosta i bhfomhír (b)(iv) chun críocha fíorú.

Soláthróidh Málta na tuarascálacha sin laistigh de dhá mhí ó dheireadh gach bliana, ag tosú i Márta 2003. Tíolacfar an tuarascáil dheireanach faoi cheann dheireadh Lúnasa 2009, mura gcomhaontóidh an Coimisiún agus Málta ar a mhalairt.

4. TALMHAÍOCHT

A. REACHTAÍOCHT TALMHAÍOCHTA

1. 31975 R 2759: Rialachán (CEE) Uimh. 2759/75 ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 1975 maidir le comheagraíocht an mhargaidh i muiceoil (IO L 282, 1.11.1975, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32000 R 1365: Rialachán (CE) Uimh. 1365/2000 ón gComhairle an 19.6.2000 (IO L 156, 29.6.2000, lch. 51);

31975 R 2771: Rialachán (CEE) Uimh. 2771/75 ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 1975 maidir le comheagraíocht an mhargaidh in uibheacha (IO L 282, 1.11.1975, lch. 49), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32002 R 0493: Rialachán (CE) Uimh. 493/2002 ón gCoimisiún an 19.3.2002 (IO L 77, 20.3.2002, lch. 7);

31975 R 2777: Rialachán (CEE) Uimh. 2777/75 ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 1975 maidir le comheagraíocht an mhargaidh i bhfeoil éanlaithe clóis (IO Uimh. L 282, 1.11.1975, lch. 77), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32002 R 0493: Rialachán (CE) Uimh. 493/2002 ón gCoimisiún an 19.3.2002 (IO L 77, 20.3.2002, lch. 7);

31992 R 1766: Rialachán (CEE) Uimh. 1766/92 ón gComhairle an 30 Meitheamh 1992 maidir le comheagraíocht an mhargaidh i ngránaigh (IO L 181, 1.7.1992, lch. 21), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32000 R 1666: Rialachán (CE) Uimh. 1666/2000 ón gComhairle an 17.7.2000 (IO L 193, 29.7.2000, lch. 51);

31995 R 3072: Rialachán (CEE) Uimh. 3072/95 ón gComhairle an 22 Nollaig 1995 maidir le comheagraíocht an mhargaidh i rís (IO L 329, 30.12.1995, lch. 18), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32002 R 0411: Rialachán (CE) Uimh. 411/2002 ón gCoimisiún an 4.03.2002 (IO L 62, 5.3.2002, lch. 27);

31996 R 2200: Rialachán (CEE) Uimh. 2200/96 ón gComhairle an 28 Deireadh Fómhair 1996 maidir le comheagraíocht na margaí i dtorthaí agus glasraí (IO L 297, 21.11.1996, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32002 R 1881: Rialachán (CE) Uimh. 1881/2002 ón gComhairle an 14.10.2002 (IO L 285, 23.10.2002 lch. 13);

31996 R 2201: Rialachán (CEE) Uimh. 2201/96 ón gComhairle an 28 Deireadh Fómhair 1996 maidir le comheagraíocht na margaí i dtáirgí arna bpróiseáil ó thorthaí agus glasraí (IO L 297, 21.11.1996, lch. 29), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32002 R 0453: Rialachán (CE) Uimh. 453/2002 ón gCoimisiún an 13.3.2002 (IO L 72, 14.3.2002, lch. 9).

31999 R 1254: Rialachán (CE) Uimh. 1254/1999 ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le comheagraíocht an mhargaidh i mairteoil agus laofheoil (IO L 160, 26.6.1999, lch. 21), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32001 R 2345: Rialachán (CE) Uimh. 2345/2001 ón gCoimisiún an 28.12.2001 (IO L 315, 31.12.2001, lch. 29).

31999 R 1255: Rialachán (CE) Uimh. 1255/1999 ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le comheagraíocht an mhargaidh i mbainne agus táirgí bainne (IO L 160, 26.6.1999, lch. 48), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32002 R 0509: Rialachán (CE) Uimh. 509/2002 ón gCoimisiún an 21.3.2002 (IO L 79, 22.3.2002, lch. 15);

31999 R 1493: Rialachán (CEE) Uimh. 1493/1999 ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le comheagraíocht an fhíonmhargaidh (IO L 179, 14.7.1999, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32001 R 2585: Rialachán (CE) Uimh. 2585/2001 ón gComhairle an 19.12.2001 (IO L 345, 29.12.2001, lch. 10).

32001 R 1260: Rialachán (CEE) Uimh. 1260/2001 ón gComhairle an 19 Meitheamh 2001 maidir le comheagraíocht na margaí in earnáil an tsiúcra (IO L 178, 30.6.2001, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32002 R 0680: Rialachán (CE) Uimh. 680/2002 ón gCoimisiún an 19.4.2002 (IO L 104, 20.4.2002, lch. 22).

Clár Speisialta um Beartas Margaidh do Thalmhaíocht Mhálta (CSBMMT)

(a) Státchabhair speisialta shealadach chun tacú le táirgeoirí talmhaíochta

De mhaolú ar Airteagal 21 de Rialachán (CEE) Uimh. 2759/75, Airteagal 19 de Rialachán (CEE) Uimh. 2771/75, Airteagal 19 de Rialachán (CE) Uimh. 2777/75, Airteagal 43 de Rialachán (CE) Uimh. 2200/96, Airteagal 23 de Rialachán (CE) Uimh.2201/96, Airteagal 38(1) de Rialachán (CE) Uimh 1255/1999 agus Airteagal 71 de Rialachán (CE) Uimh. 1493/1999, féadfaidh Málta státchabhair speisialta shealadach a dheonú do tháirgeoirí trátaí lena bpróiseáil, torthaí agus glasraí úra, fíona, muiceola, bainne, éanlaithe clóis agus uibheacha. Oiriúnófar an chabhair sin i ngach earnáil i dtrácht agus aird á tabhairt ar an gcabhair atá ann faoi na rialacha láithreacha den chomhbheartas talmhaíochta.

Féadfar cabhair den sórt sin a dheonú le linn tréimhse seacht mbliana ó dháta an aontachais i gcás táirgí ainmhíocha agus 11 bliain ó dháta an aontachais i gcás barr, i gcomhréir leis an sceideal céimlaghdaitheach seo a leanas:

i gcás táirgí ainmhíocha: 100% don chéad bhliain, 95% don dara bliain, 90% don 3ú bliain, 72% don 4ú bliain, 54% don 5ú bliain, 36% don 6ú bliain agus 18% don 7ú bliain;

i gcás barr: 100% don chéad bhliain – dara bliain, 95% don 3ú - 4ú bliain, 90% don 5ú - 6ú bliain, 75% don 7ú bliain, 60% don 8ú bliain, 45% don 9ú bliain, 30% don 10ú bliain agus 15% don 11ú bliain.

Beidh cabhair den sórt sin teoranta go dtí na méideanna seo a leanas i ngach earnáil.

| Clár le haghaidh barr (EUR milliúin) | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Bliain | Trátaí lena bpróiseáil lena n-áirítear cabhair bhreise | Earnaíl an fhíona lena n-áirítear cabhair bhreise | Earnái na dtorthaí úra | Earnái na nglasraí úra | Iomlán le haghaidh barr |
| 2004 | 1,37 | 2,76 | 2,43 | 0,96 | 7,52 |
| 2005 | 1,48 | 2,62 | 2,43 | 0,96 | 7,49 |
| 2006 | 2,68 | 1,23 | 2,31 | 0,91 | 7,13 |
| 2007 | 2,68 | 1,10 | 2,31 | 0,91 | 7,00 |
| 2008 | 2,63 | 1,04 | 2,18 | 0,86 | 6,71 |
| 2009 | 2,63 | 0,94 | 2,18 | 0,86 | 6,61 |
| 2010 | 2,15 | 0,83 | 1,82 | 0,72 | 5,52 |
| 2011 | 1,46 | 0,83 | 1,46 | 0,57 | 4,32 |
| 2012 | 0,85 | 0,76 | 1,10 | 0,43 | 3,14 |
| 2013 | 0,42 | 0,51 | 0,73 | 0,29 | 1,95 |
| 2014 | 0,18 | 0,36 | 0,37 | 0,15 | 1,06 |
| | | | | | |
| IOMLÁN | 18,53 | 12,98 | 19,32 | 7,62 | 58,45 |

| Clár le haghaidh táirgí ainmhíocha (EUR milliúin) | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Bliain | (CSBMMT) clár le haghaidh earnáil na déiríochta, lena n-áirítear cabhair don athstruchtúrú | Earnaíl na muiceola lena n-áirítear cabhair don athstruchtúrú | Earnaíl na n-uibheacha lena n-áirítear cabhair don athstruchtúrú | Earnaíl na feola éanlaithe clóis lena n-áirítear cabhair don athstruchtúrú | Iomlán le haghaidh táirgí ainmhíocha lena n-áirítear cabhair don athstruchtúrú |
| 2004 | 2,50 | 5,40 | 2,30 | 1,80 | 12,0 |
| 2005 | 2,45 | 5,17 | 2,18 | 1,70 | 11,5 |
| 2006 | 2,40 | 4,94 | 2,03 | 1,63 | 11,0 |
| 2007 | 1,97 | 4,15 | 1,70 | 1,38 | 9,20 |
| 2008 | 1,63 | 3,28 | 1,34 | 1,15 | 7,40 |
| 2009 | 1,28 | 2,46 | 0,99 | 0,87 | 5,60 |
| 2010 | 0,94 | 1,65 | 0,59 | 0,62 | 3,80 |
| | | | | | |
| IOMLÁN | 13,17 | 27,05 | 11,13 | 9,15 | 60,5 |

Do gach earnáil, ní fhéadfar státchabhair a chionroinnt ach amháin laistigh de na huasteorainneacha caínníochtúla seo a leanas:

Barra (cainníochtaí bliantúla):

Trátaí lena bpróiseáil: 27 000 tona

Torthaí úra: 19 400 tona

Glasraí úra: 38 200 tona

Fíon: 1000 ha

Táirgí ainmhíocha (cainníochtaí bliantúla):

Déiríocht: 45 000 tona

Muiceoil: 125 200 ceann

Éanlaith chlóis: 7 000 tona

Uibheacha: 5 000 tona

(b) Státchabhair speisialta shealadach chun tacú le próiseálaithe agus miondíoltóirí aitheanta de tháirgí talmhaíochta arna n-allmhairiú

De mhaolú ar Airteagal 21 de Rialachán (CEE) Uimh. 27659/75, Airteagal 19 de Rialachán (CEE) Uimh. 1766/92, Airteagal 19 de Rialachán (CEE) Uimh. 3072/95, Airteagal 23 de Rialachán (CE) Uimh. 2201/96, Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1254/1999, Airteagal 38(1) de Rialachán (CE) Uimh 1255/1999 agus Airteagal 45 de Rialachán (CE) Uimh. 1260/1999, féadfaidh Málta státchabhair speisialta shealadach a dheonú mar thacaíocht do cheannach táirgí talmhaíochta arna n-allmhairiú ó thríú tíortha a thairbhigh d'aisíocaíochtaí ommhairíocha roimh an aontachas nó a allmhairíodh ó thríú tíortha gan dleachtanna ar chuntar go soláthraíonn Málta sásra chun a ráthú go gcuirtear an tacaíocht ar aghaidh do thomhaltóirí iarbhír. Déanfar an chabhair a ríomh ar bhonn an difreálaigh phraghsanna idir praghsanna AE (lena n-áirítear iompar) agus praghsanna an mhargaidh dhomhanda, agus ní rachaidh siad thar an difreálach sin, agus tabharfaidh siad aird ar leibhéal na n-aisíocaíochtaí ommhairíochta.

Déanfar státchabhair den sórt sin a chur i bhfeidhm go céimlaghdaitheach thar thréimhse uasta seacht mbliana ó dháta an aontachais: an chéad bhliain 100%, dara bliain 95%, 3ú bliain 90%, 4ú –7ú bliain laghdú 18% in aghaidh na bliana.

Beidh cabhair den sórt sin teoranta go dtí na méideanna seo a leanas i ngach earnáil.

Beart soláthair

EUR milliún

| Táirgí | 2004 | 2005 | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Gránaigh | 3,0 | 2,9 | 2,7 | 2,2 | 1,6 | 1,1 | 0,5 | 14,0 |
| Siúcra | 11,0 | 10,5 | 9,9 | 7,9 | 5,9 | 4,0 | 2,0 | 51,2 |
| Táirgí feola | 0,8 | 0,8 | 0,8 | 0,6 | 0,5 | 0,3 | 0,2 | 3,9 |
| Táirgí déiríochta | 1,0 | 1,0 | 0,9 | 0,7 | 0,5 | 0,4 | 0,2 | 4,7 |
| Táirgí trátaí leathphróiseáilte | 0,8 | 0,8 | 0,7 | 0,6 | 0,4 | 0,3 | 0,1 | 3,7 |
| Iomlán | | | | | | | | 77,4 |

Do gach earnáil, ní fhéadfar státchabhair a chionroinnt ach amháin laistigh de na huasteorainneacha caínníochtúla seo a leanas:

| Siúcra | |
|---|---|
| Táirge | Cainníocht (tonaí in aghaidh na bliana) |
| Siúcra | 35 000 |

| Gránaigh | |
|---|---|
| Táirge | Cainníocht (tonaí in aghaidh na bliana) |
| Gnáthchruithneacht agus síolta meislin | 52 000 |
| Eorna, amach ó shíolta eorna | 61 000 |
| Arbhar Indiach, amach ó shíolta | 62 000 |
| Rís | 3 000 |
| Brach de ghránaigh eile amach ó phlúr cruithneachta | 2 500 |
| Coirce agus min de chruithneacht chrua | 3 500 |

| Táirgí déiríochta | |
|---|---|
| Táirge | Cainníocht (tonaí in aghaidh na bliana) |
| Uachtar bainne i bhfoirm phúdair nó i bhfoirm sholadach eile, cion salle <1,5% | 521 |
| Paicéad idirmheánach d'im nádúrtha cion salle ≤85% | 250 |
| Paicéad idirmheánach d'im eile cion salle ≤85% | 250 |
| Cáis Cheddar | 1 200 |
| Cáis Edam | 1 000 |
| Cáis phróiseáilte eile (Kefalo-tyri, etc.) | 1 500 |

| Táirgí feola | |
|---|---|
| Táirge | Cainníocht (tonaí in aghaidh na bliana) |
| Ceathrúna deiridh de bhó-ainmhithe lena gcnámh arna reo | 4 200 |
| Ceathrúna eile de bhó-ainmhithe gan chnámha arna reo | 2 000 |
| Táirgí ullmhaithe eile de mhuiceoil chlóis | 500 |
| Mairteoil leasaithe i gcoimeádáin aer-obacha | 1 200 |

| Táirgí Eile | |
|---|---|
| Táirge | Cainníocht (tonaí in aghaidh na bliana) |
| Trátaí ullmhaithe cion ábhair thirim >30% i bpaicéid >3kg | 5 500 |
| Trátaí leasaithe iomlána nó i bpíosaí i gcoimeádáin >3kg | 3 000 |

(c) I dtaca le gach ceann de na táirgí talmhaíochta arna bhfolú ag CSBMMT, beidh feidhm i Málta ag an gclásal cosanta eacnamaíoch ginearálta atá leagtha amach in Airteagal 37 den Ionstraim seo suas go cúig bliana tar éis dháta an aontachais.

(d) Tíolacfaidh Málta don Choimisiún tuarascálacha bliantúla maidir leis na bearta státchabhrach a chur chun feidhme ina sonraítear foirm na cabhrach agus na méideanna.

2. 31992 R 3950: Rialachán (CEE) Uimh. 3950/92 ón gComhairle an 28 Nollaig 1992 ag bunú tobhach breise in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne (IO L 405, 31.12.1992, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32002 R 0582: Rialachán (CE) Uimh. 582/2002 ón gCoimisiún an 4.4.2002 (IO L 89, 5.4.2002, lch. 7),

De mhaolú ar Airteagal 11(1) de Rialachán (CEE) Uimh. 3950/92, cinnfear i gcás Mhálta tar éis tréimhse cúig bliana ó dháta an aontachais an cion ionadaíoch saille maidir le bainne arna sheachadadh.

Go dtí go gcinnfear an cion ionadaíoch saille, ní bheidh infheidhme i Málta an chomparáid den chion saille chun críoch an tobhach breise a ríomh mar atá leagtha síos in Airteagail 3 agus 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1392/2001 ag leagan síos rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CEE) Uimh. 3950/92 [1] a chur i bhfeidhm.

---

1 IO L 187, 10.7.2001, lch. 19.

3. 31996 R 2201: Rialachán (CEE) Uimh. 2201/96 ón gComhairle an 28 Deireadh Fómhair 1996 maidir le comheagraíocht na margaí i dtáirgí arna bpróiseáil ó thorthaí agus glasraí (IO L 297, 21.11.1996, lch. 29), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32002 R 0453: Rialachán (CE) Uimh. 453/2002 ón gCoimisiún an 13.3.2002 (IO L 72, 14.3.2002, lch. 9).

De mhaolú ar Airteagal 3(1) de Rialachán (CEE) Uimh. 2201/96, i gcaitheamh na mblianta margaíochta 2004/2005 go 2008/ 2009, beidh conarthaí idir próiseálaithe agus táirgeoirí leithleacha cáilithe don scéim dá dtagraítear in Airteagal 2 den Rialachán sin. As an gcainníocht iomlán trátaí arna gconrú ag aon phróiseálaí, beidh an cion de na cainníochtaí arna conrú idir próiseálaithe agus táirgeoirí leithleacha in ionannas le huasmhéid 75% sa bhliain mhargaíochta 2004/2005, 65% sa bhliain mhargaíochta 2005/2006, 55% sa bhliain mhargaíochta 2006/2007, 40% sa bhliain mhargaíochta 2007/2008 agus 25% sa bhliain mhargaíochta 2008/2009. Measfar gur "táirgeoirí leithleacha" iad na comharchumainn agus aon eagraíochtaí táirgeoirí Máltacha atá ann nach bhfuil aitheanta mar eagraíochtaí táirgeoirí faoi reachtaíocht Chomhphobail.

4. 31997 R 2597 Rialachán (CEE) Uimh. 2597/97 ón gComhairle 18 Nollaig 1997 ag leagan síos rialacha breise maidir le comheagraíocht an mhargaidh i mbainne agus táirgí bainne lena n-ól (IO L 351, 23.12.1997, lch. 13), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 31999 R 1602: Rialachán (CE) Uimh. 1602/1999 ón gComhairle an 19.7.1999 (IO L 189, 22.7.1999, lch. 43).

De mhaolú ar Airteagal 3(1)(b) de Rialachán (CEE) Uimh. 2597/97, ní bheidh feidhm ar feadh tréimhse cúig bliana ó dháta an aontachais ag na ceanglais a bhaineann le cion saille bainne maidir le bainne le hól arna tháirgeadh i Málta. Ní fhéadfar bainne le hól nach gcomhlíonann na ceanglais a bhaineann le cion saille a mhargú ach amháin i Málta nó féadfar é a onnmhairiú go tríú tír.

5. 31999 R 1254: Rialachán (CE) Uimh. 1254/1999 ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le comheagraíocht an mhargaidh i mairteoil agus laofheoil (IO L 160, 26.6.1999, lch. 21), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32001R 2345: Rialachán (CE) Uimh. 2345/2001 ón gCoimisiún an 30.11.2001 (IO L 315, 1.12.2001, lch. 29).

De mhaolú ar Airteagal 12(1) agus (2) de Rialachán 1254/1999, déanfar cur i bhfeidhm an dlúis stocála a chéimniú isteach de réir a chéile ar bhonn líneach i Málta ó 4,5 c in aghaidh an heicteáir don chéad bhliain tar éis an aontachais go 1,8 c in aghaidh an heicteáir cúig bliana tar éis an aontachais. Le linn na tréimhse sin, ní dhéanfar ba déiríochta is gá chun an chainníocht iomlán tagartha arna chionroinnt don táirgeoir a tháirgeadh a chur san áireamh chun an dlús stocála ar an ngabháltas a ríomh.

Soláthróidh Málta tuarascáil don Choimisiún faoi cheann an 31 Nollaig 2007 ar chur chun feidhme an bhirt seo.

6. 31999 R 1493: Rialachán (CEE) Uimh. 1493/1999 ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le comheagraíocht an fhíonmhargaidh (IO L 179, 14.7.1999, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32001 R 2585: Rialachán (CE) Uimh. 2585/2001 ón gComhairle an 19.12.2001 (IO L 345, 29.12.2001, lch. 10).

De mhaolú ar Iarscríbhinn V, pointe C.3, de Rialachán (CE) Uimh. 1493/1999, go dtí an 31 Nollaig 2008 féadfaidh Málta an neart íosta nádúrtha alcóil d’fhíon arna tháirgeadh ó chineálacha dúchasacha fíniúna Ġellewża agus Ghirgentina a choimeád ar bun ag 8% de réir toirte le méadú incheadaithe sa neart nádúrtha alcóil (saibhriú) nach dtéann thar 3% de réir toirte.

I rith na tréimhse sin, áiritheoidh Málta oiriúnú éifeachtach i dteicnící fíonsaothraithe chun táirgeadh caor finiúna ardchaighdeáin de chineál dúchasach le haghaidh fíona a chumasú faoi cheann an 31 Nollaig 2008.

7. 32001 R 1260: Rialachán (CEE) Uimh. 1260/2001 ón gComhairle an 19 Meitheamh 2001 maidir le comheagraíocht na margaí in earnáil an tsiúcra (IO L 178, 30.6.2001, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32002 R 0680: Rialachán (CE) Uimh. 680/2002 ón gCoimisiún an 19.4.2002 (IO L 104, 20.4.2002, lch. 22).

De mhaolú ar Airteagal 45 de Rialachán (CEE) Uimh. 1260/2001 agus ar na hAirteagail chomhfhreagracha de na Rialacháin eile maidir le comheagraíocht na margaí talmhaíochta, féadfaidh Málta státchabhair a dheonú d’iompar fartha de tháirgí talmhaíochta ó Gozo ar feadh tréimhse cúig bliana ó dháta an aontachais ar bhonn líneach céimlaghdaitheach (laghdú 20% in aghaidh na bliana).

Tíolacfaidh Málta don Choimisiún tuarascáil bhliantúil maidir leis na bearta státchabhrach a chur chun feidhme ina sonraítear foirm na cabhrach agus na méideanna.

## B. REACHTAÍOCHT TRÉIDLIACHTA AGUS FÍTEASLÁINTÍOCHTA

## I. REACHTAÍOCHT TRÉIDLIACHTA

1. 31992 L 0046: Treoir 92/46/CEE ón gComhairle an 16 Meitheamh 1992, ag leagan síos na rialacha sláinte chun bainne amh, bainne teaschóireáilte agus táirgí bunaithe ar bhainne a tháirgeadh agus a chur ar an margadh (IO L 268, 14.9.1992, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le le:

– 31996 L 0023: Treoir 96/23/CE ón gComhairle an 29.4.1996 (IO L 125, 23.5.1996, lch. 10).

(a) Go dtí an 31 Nollaig 2009, féadfaidh an bhunaíocht bhainne atá liostaithe i bhFoscríbhinn B a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo seachadtaí bainne amh a fháil nach gcomhlíonann Iarscríbhinn A, Caibidil IV de Threoir 92/46/CEE nó a thagann ó fheirmeacha nach gcomhlíonann Iarscríbhinn A, Caibidlí I agus II den Treoir sin, ar chuntar go bhfuil na feirmeacha sin luaite ar liosta arna choimeád ar bun ag na húdaráis Máltacha chun na críche sin.

(b) Fad a thairbhíonn an bhunaíocht dá dtagraítear i mír (a) thuas d'fhorálacha na míre sin, ní chuirfear táirgí de thionscnamh na bunaíochta sin ach ar an margadh náisiúnta amháin, gan spleáchas don dáta margaíochta. Ní foláir marc speisialta sláinte a bheith ar na táirgí sin.

(c) Áiritheoidh Málta go gcomhlíonfar de réir a chéile Iarscríbhinn A de Threoir 92/46/CEE i bhfeirmeacha déiríochta agus déanfaidh sé tuarascálacha bliantúla a thíolacadh don Choimisiún maidir leis an dul chun cinn arna dhéanamh in uasghrádú agus athstruchtúrú gach ceann de na feirmeacha agus i maistíteas i dtréada a rialú d'fhonn na ceanglais sláinteachais agus cáilíochta i dTreoir 92/46/CEE a chomhall.

(d) Glacfar rialacha mionsonraithe cur chun feidhme chun oibriú rianúil an chórais idirthréimhsigh thuas a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 31 de Threoir 92/46/CEE.

2. 31999 L 0074: Treoir 1999/74/CE ón gComhairle an 19 Meitheamh 1999 ag leagan síos caighdeáin íosta chun béaróga a chosaint (IO L 203, 3.8.1999, lch. 53).

Go dtí an 31 Nollaig 2006, féadfaidh 12 bunaíocht i Málta atá liostaithe i bhFoscríbhinn C a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo cásanna nach gcomhallann na ceanglais íosta airde atá leagtha síos in Airteagal 5(1)(4) agus Airteagal 5(1)(5) de Threoir 1999/74/CE i gcás mion-eilimintí foirgníochta (airde agus fána urláir amháin) a choimeád in úsáid, ar chuntar go bhfuil ag na cásanna atá ann airde 36 cm ar a laghad ar fud 65% ar a laghad d'achar an cháis agus nach lú a n-airde ná 33 cm ag aon phointe agus nach mó fána an urláir ná 16%.

II. REACHTAÍOCHT FITEASLÁINTÍOCHTA

32002 L 0053: Treoir 2002/53/CEE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an gcatalóg choiteann de chineálacha de speicis phlandaí talmhaíochta (IO L 193, 20.7.2002, lch. 1);

32002 L 0055: Treoir 2002/55/CEE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le síolta glasraí a mhargú (IO L 193, 20.7.2002, lch. 33).

Féadfaidh Málta a chur ar athló ar feadh tréimhse cúig bliana tar éis dháta an aontachais cur i bhfeidhm Threoracha 2002/53/CE agus 2002/55/CE maidir le margú síolta ar a críoch de chineálacha atá liostaithe ina cuid catalóg náisiúnta faoi seach de chineálacha de speicis phlandaí talmhaíochta agus cineálacha de speicis phlandaí glasraí nár glacadh go hoifigiúil leo i gcomhréir le forálacha na dTreoracha sin. Le linn na tréimhse sin ní dhéanfar síolta den sórt sin a mhargú ar chríoch Bhallstát eile.

## 5. IASCACH

31992 R 3760: Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92 ón gComhairle an 20 Nollaig 1992 ag bunú córas Comhphobail le haghaidh iascaigh agus dobharshaothraithe (IO L 389, 31.12.1992, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 31998 R 1181: Rialachán (CE) Uimh. 1181/98 ón gComhairle an 4.6.1998 (IO L 164, 9.6.1998, lch. 1).

Beidh feidhm ag Rialachán Uimh. 3760/92 maidir le Málta faoi réir na bhforálacha sonracha seo a leanas:

Déanfar scair Mhálta d’áraigh iascaireachta an Chomhphobail le haghaidh tuinníní gormeite a chinneadh tríd an gComhairle ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún tar éis don Choimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Altlantacha a Chaomhnú (ICCAT) aitheantas a thabhairt tráth aontachas Mhálta leis an Aontas go bhfuil teorainn ghabhála Mhálta i gcomhréir le Moladh ICCAT 94-11 á cur le háraigh láithreacha an Chomhphobail.

6. BEARTAS IOMPAIR

1. 31992 L 0006: Treoir 92/6/CEE ón gComhairle an 10 Feabhra 1992 maidir le feistí teorannaithe luais le haghaidh aicmí áirithe mótarfheithiclí sa Chomhphobal a shuiteáil agus a úsáid (IO L 57, 2.3.1992, lch. 27).

De mhaolú ar Airteagal 2 agus Airteagal 3(1) de Threoir 92/6/CEE, ní chaithfidh mótarfheithiclí a ghabhann go eisiach d'oibríochtaí iompair intíre i Málta bheith trealmhaithe le feistí teorannaithe luais go dtí an 31 Nollaig 2005.

2. 31996 L 0096: Treoir 96/96/CE ón gComhairle an 20 Nollaig 1996 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trialacha ródacmhainneachta do mhótarfheithiclí agus dá leantóirí (IO L 46, 17.2.1997, lch. 1), mar atá leasaithe go deireanach le:

– 32001 L 0011: Treoir 2001/11/CE ón gCoimisiún an 14.2.2001 (IO L 48, 17.2.2001, lch. 20).

De mhaolú ar Airteagal 1 de Threoir 96/96/CE, ní thástálfar i Málta go dtí 31 Nollaig 2004 na míreanna seo a leanas de chuid mótarfheithiclí a ghabhann go heisiach d’oibríochtaí iompair intíre a mhéad a bhaineann leis na haicmí seo a leanas atá liostaithe in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an Treoir:

– mír 5.3 i gcás aicmí feithiclí 1-6;

– míreanna 6.1.6, 6.2, 7.1, 7.8, 7.9 agus 7.10 i gcás aicmí feithiclí 1-3; agus

– míreanna 6.2 agus 7.5 i gcás aicmí feithiclí 4-6.

3. 31999 L 0062: Treoir 1999/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 1999 maidir le muirir ar úsáid bonneagar áirithe a ghearradh ar thromfheithiclí earraí (IO L 187, 20.7.1999, lch. 42).

De mhaolú ar Airteagal 6(1) de Threoir 1999/62/CE, ní bheidh feidhm i Málta go dtí an 31 Nollaig 2004 ag na rátaí íosta cánach atá leagtha síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir maidir le feithiclí a ghabhann d’oibríochtaí iompair idirnáisiúnta. I rith na tréimhse sin, ní lú ná 80% de na rátaí íosta atá leagtha síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir na rátaí atá le cur i bhfeidhm ag Málta maidir leis na feithiclí sin.

De mhaolú ar Airteagal 6(1) de Threoir 1999/62/CE, ní bheidh feidhm i Málta go dtí an 31 Nollaig 2005 ag na rátaí íosta cánach atá leagtha síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir maidir le feithiclí a ghabhann go heisiach d'oibríochtaí iompair intíre. I rith na tréimhse sin, ní lú ná 65% de na rátaí íosta atá leagtha síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir na rátaí atá le cur i bhfeidhm ag Málta maidir leis na feithiclí sin.

7. CÁNACHAS

31977 L 0388: Séú Treoir 77/388/CEE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1977 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cánacha láimhdeachais - Comhchóras cánach breisluacha: aonbhonn measúnachta (IO L 145, 13.6.1977, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32002 L 0038: Treoir 2002/38/CE ón gComhairle an 7.5.2002 (IO L 128, 15.5.2002, lch. 41).

1. De mhaolú ar Airteagal 12(3)(a) de Threoir 77/388/CEE, féadfaidh Málta díolúine le haisíoc na cánach a íocadh sa chéim roimhe sin, a choimeád ar bun go dtí an 1 Eanáir 2010, maidir le sholáthar earraí bia mar bhia don duine agus cógas.

2. D'fhonn Airteagal 28(3)(b) de Threoir 77/388/CEE a chur i bhfeidhm, féadfaidh Málta na díolúintí seo a leanas a choimeád ar bun:

(a) ó cháin bhreisluacha ar iompar intíre paisinéirí, iompar idirnáisiúnta paisinéirí agus muiriompar náisiúnta idiroileánach paisinéirí, dá dtagraítear i bpointe 17 d'Iarscríbhinn F den Treoir, go dtí go gcomhalltar an coinníoll atá leagtha amach in Airteagal 28(4) den Treoir, nó fad a chuireann aon cheann de na Ballstáit láithreacha an díolúine chéanna i bhfeidhm, cibé acu is túisce,

(b) ó cháin bhreisluacha gan chreidmheas ar inchur CBL ar uisce arna sholáthar ag na húdaráis phoiblí, dá dtagraítear i bpointe 12 d'Iarscríbhinn F den Treoir, go dtí go gcomhalltar an coinníoll atá leagtha amach in Airteagal 28(4) den Treoir nó fad a chuireann aon cheann de na Ballstáit láithreacha na díolúine chéanna i bhfeidhm, cibé acu is túisce,

(c) ó cháin bhreisluacha gan chreidmheas ar inchur CBL ar sholáthar foirgneamh agus talaimh foirgníochta, dá dtagraítear i bpointe 16 d'Iarscríbhinn F den Treoir, go dtí go gcomhalltar an coinníoll atá leagtha amach in Airteagal 28(4) den Treoir nó fad a chuireann aon cheann de na Ballstáit láithreacha an díolúine chéanna i bhfeidhm, cibé acu is túisce.

8. BEARTAS SÓISIALTA AGUS FOSTAÍOCHT

1. 31989 L 0655: Treoir 89/655/CEE ón gComhairle an 30 Samhain 1989 maidir leis na híoscheanglais sábhailteachta agus sláinte d'úsáid trealaimh oibre ag oibrithe ar an láthair oibre (dara Treoir leithleach de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 393, 30.12.1989, lch 13), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32001 L 0045: Treoir 2001/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27.6.2001 (IO L 195, 19.7.2001, lch. 46).

Ní bheidh feidhm i Málta ag Treoir 89/655/CEE go dtí an 1 Eanáir 2006 i leith trealaimh oibre atá in úsáid cheana ar dháta an aontachais.

Amhail ó dháta an aontachais agus go dtí deireadh na tréimhse thuasluaite, leanfaidh Málta d'fhaisnéis arna tabhairt suas chun dáta go tráthrialta a sholáthar don Choimisiún maidir leis an amchlár agus na bearta arna nglacadh chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Treoir.

2. 31993 L 0104: Treoir 93/104/CE ón gComhairle an 23 Samhain 1993 maidir le gnéithe áirithe den am oibre a eagrú (IO L 307, 13.12.1993, lch 18), mar atá arna leasú le:

– 32000 L 0034: Treoir 2000/34/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22.6.2000 (IO L 195, 1.8.2000, lch. 41).

Ní bheidh feidhm i Málta ag Airteagal 6(2) de Threoir 93/104/CEE go dtí 31 Iúil 2004 maidir leis na fo-earnálacha monaraithe bia agus deochanna, teicstílí, éadaigh agus coisbhirt, trealaimh iompair, innealra leictrigh, fearas leictrigh agus soláthair leictreachais, agus troscáin; agus go dtí 31 Nollaig 2004 i leith comhaontuithe comhchoiteanna atá ann ar an 12 Nollaig 2001 sna fo-earnálacha monaraithe thuasluaite nuair atá sna comhaontuithe sin clásail atá ábhartha d'Airteagal 6(2) agus atá bailí i ndiaidh Iúil 2004.

9. FUINNEAMH

31968 L 0414:Treoir 68/414/CEE ón gComhairle an 20 Nollaig 1968 ag forchur oibleagáid ar Bhallstáit CEE stoic íosta amhola agus/nó táirgí peitriliam a choinneáil (IO L 308, 23.12.1968, lch. 14), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 31998 L 0093: Treoir 98/93/CE ón gComhairle an 14.12.98 (IO L 358, 31.12.1998, lch. 100).

De mhaolú ar Airteagal 1(1) de Threoir 68/414/CE, ní bheidh feidhm i Málta ag an íosleibhéal stoc de tháirgí peitriliam go dtí 31 Nollaig 2006. Áiritheoidh Málta go gcomhfhreagraíonn a íosleibhéal stoc de tháirgí peitriliam, i gcás gach ceann de na haicmí táirgí peitriliam atá liostaithe in Airteagal 2, ar a laghad do mheántomhailt inmheánach laethúil an mhéid laethanta seo a leanas, mar atá sainithe in Airteagal 1(1):

– 40 lá den aicme táirgí "biotáille mhótair agus breosla eitlíochta" agus 45 lá de na haicmí táirgí eile faoi cheann dháta an aontachais;

– 55 lá den aicme táirgí "biotáille mhótair agus breosla eitlíochta" agus 60 lá de na haicmí táirgí eile faoi cheann an 31 Nollaig 2004;

– 90 lá de gach aicme táirgí faoi cheann an 31 Nollaig 2006.

22. COMHSHAOL

A. CÁILÍOCHT AN AEIR

31994 L 0063: Treoir 94/63/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 1994 maidir le rialú astaíochtaí de chomhdhúile soghalaithe orgánacha (CSO) a thig ó stóráil peitril agus óna dáileadh theirminéil go stáisiúin seirbhíse (IO L 365, 31.12.1994, lch. 24).

1. De mhaolú ar Airteagal 4 agus Iarscríbhinn II de Threoir 94/63/CE, ní bheidh feidhm go dtí an 31 Nollaig 2004 i Málta ag na ceanglais do luchtú agus díluchtú trealaimh ag teirminéil maidir le 4 droichead iompair ag teirminéil i dtollán Enemalta a bhfuil acu tríchur is lú ná 25 000 tona in aghaidh na bliana.

2. De mhaolú ar Airteagal 5 de Threoir 94/63/CE, ní bheidh feidhm go dtí an 31 Nollaig 2004 i Málta ag na ceanglais do choimeádáin shoghluaiste atá ann ag teirminéil maidir le 25 tancaer bóthair.

3. De mhaolú ar Airteagal 6 agus Iarscríbhinn III de Threoir 94/63/CE, ní bheidh feidhm i Málta ag na ceanglais do luchtú i bhfearais stórála atá ann ag stáisiúin seirbhíse:

– go dtí an 31 Nollaig 2004 maidir le 61 stáisiún seirbhíse a bhfuil acu tríchur is mó ná 1000 $m^3$ in aghaidh na bliana;

– go dtí an 31 Nollaig 2004 maidir le 13 stáisiún seirbhíse a bhfuil acu tríchur is mó ná 500 $m^3$ in aghaidh na bliana;

– go dtí an 31 Nollaig 2004 maidir le 8 stáisiún seirbhíse a bhfuil acu tríchur nach mó ná 500 $m^3$ in aghaidh na bliana.

B. BAINISTEOIREACHT DRAMHAÍOLA

1. 31993 R 0259: Rialachán (CEE) Uimh. 259/93 ón gComhairle an 1 Feabhra 1993 maidir le loingsiú dramhaíola a mhaoirsiú agus a rialú laistigh den Chomhphobal Eorpach agus isteach ann agus amach as (IO L 30, 6.2.1993, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32001 R 2557: Rialachán (CE) Uimh. 2557/2001 ón gCoimisiún an 28.12.2001 (IO L 349, 31.12.2001, lch. 1).

(a) Go dtí an 31 Nollaig 2005, cuirfear in iúl do na húdaráis inniúla gach loingsiú dramhaíola chuig Málta lena hathghabháil atá liostaithe in Iarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann le Rialachán (CEE) 259/93 agus loingsithe dramhaíola lena hathghabháil nach bhfuil liostaithe sna hIarscríbhinní sin agus próiseálfar iad ar cothrom le hAirteagail 6, 7 agus 8 den Rialachán.

(b) De mhaolú ar Airteagal 7(4) de Rialachán (CEE) 259/93, déanfaidh na húdaráis inniúla agóid i gcoinne loingsithe dramhaíola lena hathghabháil atá liostaithe in Iarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann leis an Rialachán agus i gcoinne loingsithe dramhaíola lena hathghabháil nach bhfuil liostaithe sna hIarscríbhinní sin arb é a gceann scríbe áis a thairbhíonn de mhaolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2001/80/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hastaíocht truailleán áirithe san aer ó ollghléasraí dócháin a theorannú[1], le linn na tréimhse ina gcuirtear an maolú sealadach i bhfeidhm maidir leis an áis chinn scríbe.

2. 31994 L 0062: Treoir 94/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 1994 maidir le pacáistiú agus dramhaíl pacáistithe (IO L 365, 31.12.1994, lch. 10).

(a) De mhaolú ar Airteagal 6 (1)(a) de Threoir 94/62/CE, bainfidh Málta amach na spriocanna foriomlána athghabhála do na hábhair pacáistithe seo a leanas faoi cheann an 31 Nollaig 2009 i gcomhréir leis na spriocanna idirmheánacha seo a leanas:

– plaistigh a athchúrsáil: 5% de réir meáchain faoi cheann dháta an aontachais, 5% faoi cheann 2004, 5% faoi cheann 2005, 7% faoi cheann 2006, 10% faoi cheann 2007 agus 13% faoi cheann 2008;

– sprioc fhoriomlán athchúrsála: 18% de réir meáchain faoi cheann dháta an aontachais, 21% faoi cheann 2004 agus 25% faoi cheann 2005;

[1] IO L 309, 27.11.2001, lch. 1.

– sprioc fhoriomlán athghábhála: 20% de réir meáchain faoi cheann dháta an aontachais, 27% faoi cheann 2004, 28% faoi cheann 2005, 34% faoi cheann 2006, 41% faoi cheann 2007 agus 47% faoi cheann 2008.

(b) De mhaolú ar Airteagal 18 de Threoir 94/62/CE, ní bheidh feidhm i Málta go dtí an 31 Nollaig 2007 ag an gceanglas gan bac a chur le pacáistiú a chomhallann forálacha na Treorach a chur ar an margadh maidir leis na ceanglais faoi reachtaíocht Mhálta go ndíoltar pacáistiú deochanna do dheochanna carbónáitithe ar lú a n-inneachar alcóil ná 2% i mbuidéil ghloine ath-inlíonta nó a dháileadh ó cheaigeanna miotail.

C. CÁILÍOCHT AN UISCE

1. 31983 L 0153: Treoir 84/513/CEE ón gComhairle an 26 Meán Fómhair 1983 maidir le luachanna teorantacha agus cuspóirí cáilíochta do sceitheadh caidmiam (IO L 291, 24.10.1983, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 31991 L 0692: Treoir 91/692/CEE ón gComhairle an 23.12.1991 (IO L 377, 31.12.1991, lch. 48).

De mhaolú ar Airteagal 3 agus Iarscríbhinn I de Threoir 83/513/CEE, ní bheidh feidhm ag na luachanna teorantacha do sceitheadh caidmiam sna huiscí dá dtagraítear in Airteagal 1 de Threoir 76/464/CEE maidir le truailliú de bharr substaintí contúirteacha áirithe a sceitheadh i dtimpeallacht uisceach an Chomhphobail[1] i Málta go dtí an 31 Nollaig 2004 maidir le sruth éalaithe Ras il-Ħobż, go dtí an 31 Nollaig 2006 maidir le sruth éalaithe Iċ-Ċumnija agus go dtí an 31 Márta 2007 maidir le sruth éalaithe Wied Għammieq .

2. 31986 L 0280: Treoir 86/280/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1986 maidir le luachanna teorantacha agus cuspóirí cáilíochta do sceitheadh substaintí contúirteacha áirithe atá folaithe i Liosta I den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 76/464/CEE (IO L 181, 4.7.1986, lch. 16), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 31991 L 0692: Treoir 91/692/CEE ón gComhairle an 23.12.1991 (IO L 377, 31.12.1991, lch. 48).

---

[1] IO L 129,18.5.1976, lch 23. Treoir mar atá arna leasú go deireanach ag Treoir 2000/60/CE (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

De mhaolú ar Airteagal 3 agus Iarscríbhinn I de Threoir 86/280/CEE, ní bheidh feidhm ag an luach teorantach do sceitheadh clórafoirm dá dtagraítear in Airteagal 1 de Threoir 76/464/CEE maidir le truailliú de bharr substaintí contúirteacha áirithe a sceitheadh i dtimpeallacht uisceach an Chomhphobail[1] i Málta go dtí an 31 Nollaig 2004 maidir le gléasraí cumhachta Marsa agus Delimara, go dtí an 31 Nollaig 2004 maidir le sruth éalaithe Ras il-Ħobż go dtí an 31 Nollaig 2006 maidir le sruth éalaithe Iċ-Ċumnagus go dtí an 31 Márta 2007 maidir le sruth éalaithe Wied Għammieq . Ina theannta sin, ní bheidh feidhm at na luachanna teorantacha do sceitheadh tríchlóireitiléine agus sárchlóireitiléine i Málta go dtí an 31 Nollaig 2004 maidir le sruth éalaithe Ras il-Ħobż, go dtí an 31 Nollaig 2006 maidir le sruth Iċ-Ċumnija agus go dtí an 31 Márta 2007 maidir le sruth éalaithe Wied Għammieq.

3. 31991 L 0271: Treoir 91/271/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1991 maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (IO L 135, 30.5.1991, lch. 40), mar atá arna leasú le:

– 31998 L 0015: Treoir 98/15/CE ón gCoimisiún an 27.2.1998 (IO L 67, 7.3.1998, lch. 29).

(a) De mhaolú ar Airteagal 3 de Threoir 91/271/CE, ní bheidh feidhm iomlán go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2006 i Málta ag na ceanglais do chórais bhailithe fuíolluisce uirbigh i gcomhréir leis na spriocanna idirmheánacha seo a leanas:

- faoi cheann dháta an aontachais, beidh an Treoir comhlíonta i gcás Marsa Land agus Gozo-Main in ionannas le 24% den lód iomlán in-bhithdhíghrádaithe;

---

[1] IO L 129,18.5.1976, lch 23, mar atá arna leasú go deireanach ag Treoir 2000/60/CE (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

– faoi cheann an 30 Meitheamh 2004, beidh an Treoir comhlíonta do Dheisceart Mhálta in ionannas le 67% breise den lód iomlán in-bhithdhíghrádaithe;

– faoi cheann an 31 Nollaig 2005, beidh an Treoir comhlíonta do Gharb in Gozo agus Nadur in Gozo in ionannas le 1% breise den lód iomlán in-bhithdhíghrádaithe;

(b) De mhaolú ar Airteagal 4 de Threoir 91/271/CE, ní bheidh feidhm iomlán go dtí an 31 Márta 2007 i Málta ag na ceanglais do chóireáil fuíolluisce uirbigh i gcomhréir leis na spriocanna idirmheánacha seo a leanas:

– faoi cheann dháta an aontachais, beidh an Treoir comhlíonta i gcás Marsa Land is ionann le 19% den lód iomlán in-bhithdhíghrádaithe;

– faoi cheann an 31 Deireadh Fómhair 2004, beidh an Treoir comhlíonta do Gozo-Main in ionannas le 5% breise den lód iomlán in-bhithdhíghrádaithe;

– faoi cheann an 31 Nollaig 2005, beidh an Treoir comhlíonta do Gharb in Gozo agus Nadur in Gozo in ionannas le 1% breise den lód iomlán in-bhithdhíghrádaithe;

– faoi cheann na 31 Deireadh Fómhair Meitheamh 2006, beidh an Treoir comhlíonta do Thuaisceart Mhálta in ionannas le 8% breise den lód iomlán in-bhithdhíghrádaithe;

4. 31998 L 0083: Treoir 98/83/CE ón gComhairle an 3 Samhain 1998 maidir le cáilíocht uisce atá ceaptha le hól ag daoine (IO L 330, 5.12.1998, lch. 32).

De mhaolú ar Airteagail 5(2) agus 8 agus Cuid B d'Iarscríbhinn I de Threoir 98/83/CE, ní bheidh feidhm go dtí an 31 Nollaig 2005 i Málta ag na luachanna arna socrú do pharaiméadair fluairíde agus nítráite.

D. COSAINT AN DÚLRA

31979 L 0409: Treoir 79/409/CEE ón gComhairle an 2 Aibreán 1979 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 103, 25.4.1979, lch. 1), mar atá arna leasú le:

– 31997 L 0049: Treoir 97/49/CE ón gCoimisiún an 29.7.1997 (IO L 223, 13.8.1997, lch. 9).

De mhaolú ar Airteagail 5(a), 5(e), 8(1) agus Iarscríbhinn IV(a) de Threoir 79/409/CEE, féadfar *Carduelis cannabina, Carduelis serinus, Carduelis chloris, Carduelis carduelis, Carduelis spinus, Fringilla coelebs* agus *Coccothraustes coccothraustes* a ghabháil d'aon turas go dtí an 31 Nollaig 2008 leis na líonta traidisiúnta dá ngairtear smeachlíonta laistigh de na hoileáin Mháltacha chun críocha eisiacha iad a choinneáil i mbraighdeanas, i gcomhréir leis na spriocanna idirmheánacha seo a leanas:

– faoi cheann dháta an aontachais ar a dhéanaí, beidh Coiste Máltach Ornis bunaithe, beidh na hionaid ghaisteoireachta uile cláraithe, beidh treoirstaideár do thionscadal póraithe i mbraighdeanas agus staidéar ar ráta báis glasán i mbraighdeanas tíolactha, beidh measúnú déanta ar líon agus cineálacha na speiceas atá á gcoinneáil agus á bpórú in éanlanna, agus beidh clár chun córas póraithe i mbraighdeanas a chur chun feidhme tíolactha don Choimisiún.

– faoi cheann an 30 Meitheamh 2005 beidh clár póraithe i mbraighdeanas tugtha isteach;

– faoi cheann an 31 Nollaig 2006 beidh measúnú déanta ar conas atá ag éirí leis an gclár póraithe i mbraighdeanas agus ar ráta báis na n-éan laistigh den chóras bunaithe póraithe i mbraighdeanas;

– faoi cheann Meitheamh 2007 beidh measúnú déanta ar líon na n-éan fiáin arna ngabháil is gá chun éagsúlacht ghéiniteach a bhuanú;

– faoi cheann an 31 Nollaig 2007, beidh Coiste Máltach Ornis tar éis a shuíomh cad é an líon eiseamal fiáin in aghaidh an speicis is féidir a ghabháil i gcomhréir leis an Treoir chun éagsúlacht ghéiniteach leordhóthanach na speiceas i mbraighdeanas a áirithiú.

Beidh na bearta arna nglacadh le linn na hidirthréimhse i gcomhréir go hiomlán leis na prionsabail a rialaíonn an t-amchlár seilge speiceas imirceach éan mar atá tuairiscithe i dTreoir 79409/CEE. Tá coinne leis go dtiocfaidh laghdú suntasach ar líon na n-éan i mbraighdeanas le linn na hidirthréimhse. Cuirfidh Málta tuarascáil bhlaintúil chuig na gCoimisiún maidir leis an mbeart idirthréimhseach sin a chur i bhfeidhm agus ar a dul chun cinn a dhéantar.

E. AN TRUAILLIÚ TIONSCLAÍOCH A RIALÚ AGUS BAINISTEOIREACHT BHAOIL

32001 L 0080: Treoir 2001/80/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2001 maidir le hastaíochtaí truailleán áirithe san aer ó ollghléasraí dócháin a theorannú (IO L 309, 27.11.2001, lch. 1).

De mhaolú ar Airteagal 4(1) agus cuid A d’Iarscríbhinn VII de Threoir 2001/80/CE, ní bheidh feidhm i Málta go dtí an 31 Nollaig 2005 ag an luach teorantach astaíochta do dheannach maidir le Pas a hAon de ghléasra cumhachta Delimara.

11. AN tAONTAS CUSTAIM

31987 R 2658: Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32002 R 0969: Rialachán (CE) Uimh. 969/2002 ón gCoimisiún an 6.6.2002 (IO L 149, 7.6.2002, lch. 20);

(a) De mhaolú ar Airteagal 5(1) de Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87, féadfaidh Málta taraifchúota bliantúil a oscailt go dtí deireadh an cúigiú bliain tar éis dháta an aontachais nó go dtí an 31 Nollaig 2008, cibé acu is túisce, le haghaidh faibricí fite d’olann chíortha nó d'fhionnadh mín cíortha ainmhí (Cód AC 5112 11 00), deinim (Cód AC 5209 42 00 ), faibricí fite d’abhrais shaorga filiméad (Cód AC 5408 22 10 ) agus gabhálais dhéanta suas eile éadaigh (Cód AC 6217 10 00 ), i gcomhréir leis an sceideal seo a leanas:

– ráta nialais i rith na chéad bhliana agus an dara bliain;

– aon trian den dleacht *ad valorem* AE atá ann i rith an tríú bliain agus an ceathrú bliain;

– dhá thrian den dleacht ad valorem AE atá ann i rith an cúigiú bliain;

do na méideanna seo a leanas:

– do Chód AC 5112 11 10: uasmhéid 20 000 méadar cearnógach in aghaidh na bliana;

– do Chód AC 5209 42 00: uasmhéid 1 200 000 méadar cearnógach in aghaidh na bliana;

– do Chód AC 5408 22 10: uasmhéid 110 000 méadar cearnógach in aghaidh na bliana;

– do Chód AC 6217 10 00: uasmhéid 5 000 cileagram in aghaidh na bliana;

ar chuntar:

– go n-úsáidtear na hearraí i dtrácht ar chríoch Mhálta chun eádaí amuigh d'fhir agus do bhuachaillí (nach bhfuil cniotáilte nó cróiseáilte) a tháirgeadh, agus

– go bhfanann siad faoi mhaoirseacht chustaim de bhun na bhforálacha Comhphobail ábhartha maidir le críochúsáid mar atá leagtha síos in Airteagail 21 agus 82 de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 [1] ag bunú Chód Custaim an Chomhphobail.

---

[1] IO L 302, 19.10.1992, lch. 1. Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 2700/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 311, 12.12.2000, lch. 17).

(b) Ní bheidh na forálacha atá leagtha síos thuas infheidhme ach amháin má thíolactar, mar thacaíocht leis an dearbhú iontrála um scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta, ceadúnas arna eisiúint ag údaráis ábhartha Mhálta ag sonrú go dtagann na hearraí i gceist laistigh de raon feidhme na bhforálacha atá leagtha síos thuas.

(c) Glacfaidh an Coimisiún agus údaráis inniúla Mhálta gach beart is gá chun a áirithiú go n-úsáidtear na hearraí i dtrácht ar chríoch Mhálta chun eádaí amuigh d'fhir agus do bhuachaillí (nach bhfuil cniotáilte nó cróiseáilte) a tháirgeadh.